C/2026/3007

5.6.2026

Fógra Earcaíochta PE/344/2026/S

Stiúrthóir

(Grúpa Feidhme AD, grád 14)

An Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht, An Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus Saoráidí Inbhuanaithe in Strasbourg

(C/2026/3007)

1. Folúntas

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an nós imeachta a oscailt maidir le post **stiúrthóra** (AD, grád 14) a líonadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht, An Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus Saoráidí Inbhuanaithe in Strasbourg, ar bhonn Airteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]) (dá ngairtear 'na Rialacháin Foirne' anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Leagtar síos luach saothair agus coinníollacha fostaíochta sna Rialacháin Foirne. Is ar ghrád AD 14 a dhéanfar an earcaíocht ([2]). I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin a théann chun sochair an Aontais agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar an oibleagáid a fhorchuirtear leis na Rialacháin Foirne ar gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích go rathúil agus ar an bhfíoras go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha lena rialaítear soghluaisteacht ghairmiúil d'oifigigh atá fostaithe i rúnaíocht Pharlaimint na hEorpa arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2025.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh den Pharlaimint agus lasmuigh di, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir turais ghnó a dhéanamh go minic ar áiteanna oibre éagsúla Pharlaimint na hEorpa.

2. Ionad Fostaíochta

Strasbourg. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid eile oibre Pharlaimint na hEorpa.

3. Comhionannas deiseanna

Cuireann Parlaimint na hEorpa beartas comhionannais deiseanna i bhfeidhm agus tugann sí an aird is mó ar na hiarratais go léir gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

4. Cúraimí an phoist

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an údarás parlaiminteach agus ag an Ard-Stiúrthóir ([3]):

— dea-fheidhmiú roinne móire den Ardrúnaíocht a áirithiú, ar roinn í ina bhfuil aonaid éagsúla a chumhdaíonn réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, i gcomhréir le beartais na hinstitiúide;

— foirne de ghníomhairí a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú – an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuálaíocht, etc.) a áirithiú sna réimsí gníomhaíochta;

— gníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta (sainmhíniú cuspóirí agus straitéisí) a phleanáil, na cinntí is gá a ghlacadh chun na cuspóirí a leagfar síos a ghnóthú, measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhísí chun a gcáilíocht a ráthú;

([1]) Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([2]) Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

([3]) Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na bpríomhchúraimí.

— comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an Ardrúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna réimsí gníomhaíochta;

— comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú ina réimsí gníomhaíochta;

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche;

— feidhm oifigigh údarúcháin fho-tharmligthe a fheidhmiú.

5. **Coinníollacha incháilitheachta**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a mbeidh na coinníollacha seo a leanas chun iarratas a chur isteach á gcomhlíonadh acu faoin dáta deiridh:

(a) *Coinníollacha ginearálta*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór duit:

— a bheith i do náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ([4]);

— do chearta iomlána mar shaoránaigh a bheith á dteachtadh agat;

— do dhualgais a bheith comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí;

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

(b) *Coinníollacha sonracha*

(i) Na cáilíochtaí is gá

— Nuair is ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais;

nó

— nuair is trí bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh ([5]), ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad i ndiaidh na céime.

Maidir leis na céimeanna, cibé acu i mBallstát nó i dtír eile a bhronntar iad, ní mór dóibh a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit.

Na hiarrthóirí a bhfuil céimeanna acu a bhronn Ballstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é ([6]), ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haitheantas do cháilíochtaí a fuarthas i dtríú tír faoi chuimsiú líonraí ENIC-NARIC, téigh chuig an suíomh:

https://www.enic-naric.net/.

(ii) Taithí ghairmiúil is gá

Taithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach:

— **dhá bhliain déag**, agus cuid di ar a laghad déanta i réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, agus lena gcuimsítear an méid seo a leanas:

— **sé bliana** ar a laghad i dtimpeallacht Eorpach agus/nó idirnáisiúnta, agus

— **sé bliana** ar a laghad ar leibhéal bainistíochta i roinn mhór.

([4]) Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh ná: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Lucsamburg, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, Málta, an Rómáin, an tSeiceach, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, Ísiltír agus an Ungáir.

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí i gcuntas agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

([6]) Glactar le cáilíochtaí/dioplómaí na Ríochta Aontaithe a fuarthas go dtí an 31 Nollaig 2020 gan a thuilleadh aitheantais. I gcás céimeanna a fuarthas tar éis an dáta sin, tá aitheantas NARIC ag teastáil. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, i gcás céimeanna de chuid na Breataine a eisíodh ón 1 Eanáir 2021, nach mór doiciméad coibhéiseach, arna eisiúint ag údarás inniúil Ballstáit reatha de chuid an Aontais Eorpaigh, a bheith ag gabháil leo.

(iii) Riachtanais teanga

Sáreolas (leibhéal C1 ar a laghad) ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]) agus eolas an-mhaith (leibhéal B2 ar a laghad) ar cheann eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tá an t-eolas seo sainmhínithe sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha. Is féidir é a fháil ar an suíomh:

https://europa.eu/europass/common-european-framework-reference-language-skills.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

6. **Trialacha**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta na n-iarrthóirí a dhréachtú agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta, agus seolfaidh an Coiste na hagallaimh agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinneadh. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Biúró éisteachtaí na n-iarrthóirí a stiúradh.

Beidh na hagallaimh bunaithe ar an gcur síos ar chúraimí an phoist, mar a shonraítear faoi phointe 4 den fhógra seo iad, agus ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

— tuiscint na straitéise;

— cumas bainistíochta;

— cumas ionchasaithe;

— cumas freagartha;

— cruinneas;

— cumas cumarsáide.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

Dé hAoine 19 Meitheamh 2026, meán lae, am na Bruiséile.

Iarrtar ar iarrthóirí litir inspreagtha a sheoladh i bhfoirm ríomhphoist amháin, i bhformáid PDF agus i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([8]) (le cur faoi bhráid Ardrúnaí Pharlaimint na hEorpa, fógra earcaíochta Uimh. PE/344/2026/S) agus curriculum vitæ a sheoladh i bhformáid Europass ([9]), ina léirítear tagairt an fhógra (PE/344/2026/S) in ábhar na teachtaireachta chuig an seoladh seo a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu

agus is é dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.

Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin ([10]). Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ná: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

([8]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ná: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

([9]) https://europa.eu/europass/.

([10]) Ní bhaineann sé seo leis na hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a áirithiú go mbeidh an comhad iomlán a chomhfhreagraíonn dá n-iarratas againn (i gcás doiciméid ábhartha gan bheith ar fáil ar an tairseach HRM (Streamline)).

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

AN ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM BONNEAGAR AGUS UM LÓISTÍOCHT

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHOIRGNIMH AGUS SAORÁIDÍ INBHUANAITHE IN STRASBOURG

PRÍOMHCHÚRAIMÍ

— Aonaid agus seirbhísí na Stiúrthóireachta a stiúradh, a chomhordú agus a stiúradh, chomh maith leis an bhfoireann a bhainistiú, eagrú ginearálta na Stiúrthóireachta agus malartú faisnéise idir na ranna éagsúla a éascú;

— Bainistiú teicniúil agus riaracháin fhoirgnimh na Parlaiminte in Strasbourg a áirithiú;

— Bainistiú a dhéanamh ar na ranna atá freagrach as an trealamh agus na seirbhísí is gá chun go bhfeidhmeoidh na foirgnimh in Strasbourg mar is ceart;

— Rannchuidiú, mar bhall den fhoireann bainistíochta, le treoirlínte straitéiseacha na bainistíochta a fhorbairt agus cur chun feidhme éifeachtach cinntí buiséadacha, straitéiseacha agus oibríochtúla a áirithiú;

— Páirt a ghlacadh i gcruinnithe coistí agus meithleacha instiúrthóireachta agus idirstiúrthóireachta, comhlachtaí idirinstitiúideacha, etc., agus ionadaíocht a dhéanamh ar an Stiúrthóireacht agus, i gcás inarb iomchuí, ar an Ard-Stiúrthóireacht laistigh de na comhlachtaí sin;

— Cumhachtaí an údaráis ceapacháin agus oifigigh údarúcháin fho-tharmligthe a fheidhmiú.

AN tAONAD UM BAINISTÍOCHT SAORÁIDI IN STRASBOURG

— Trealamh teicniúil, clúdaigh agus bailchríocha tógála, agus limistéir lasmuigh a oibriú agus a chothabháil; glanadh, bainistiú dramhaíola agus bainistiú fuinnimh na bhfoirgneamh ar an láthair a áirithiú, chun timpeallacht oibre shábháilte ardcháilíochta a áirithiú, agus chun an phunann foirgneamh atá ann faoi láthair a chaomhnú;

— Cartlanna teicniúla an láithreáin (comhad DOE (As-Built), pleananna, samhlacha digiteacha, etc.) a choinneáil tar éis na hoibre sna foirgnimh;

— Tuarascálacha a tharraingt suas maidir le hoibríochtaí cothabhála, lena n-áirítear gnéithe airgeadais agus acmhainní daonna, chun forléargas a thabhairt don bhainistíocht;

— Pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach na n-oibreacha cothabhála agus athchóirithe a choinneáil cothrom le dáta, i gcomhréir le beartas foirgneamh na Parlaiminte;

— Beartais na hinstitiúide a chur chun feidhme ar shuíomh Strasbourg: Ad'AP (Inrochtaineacht do Chách), Plean Gníomhaíochta EMAS, etc.

AN tAONAD UM CHOTHABHÁIL IN STRASBOURG

— A áirithiú go ndéantar faireachán ar láithreáin agus oibríochtaí foirgníochta, lena n-áirítear gnéithe airgeadais agus acmhainní daonna, chun forléargas a thabhairt ar an mbainistíocht;

— Faireachán a dhéanamh ar staidéir a bhaineann le nuachóiriú agus athchóiriú saoráidí sna foirgnimh, go háirithe seomraí cruinnithe;

— Dul i dteagmháil le cliaint chun anailís a dhéanamh ar iarrataí ó Fheisirí agus ón riarachán agus chun freagra a thabhairt orthu;

— Cumarsáid rialta a dhéanamh leis na hinstitiúidí eile atá i láthair ar shuíomh Strasbourg (an tOmbudsman Eorpach, an Coimisiún, etc.) chomh maith le gníomhaithe áitiúla (Maoracht, Réigiún, Cathair Strasbourg, An Chomhairle Eorpach, etc.).

AN tAONAD UM UASGHRÁDÚ COMHSHAOIL AGUS INBHUANAITHE IN STRASBOURG

— Foirgnimh in Strasbourg a fheabhsú maidir le héifeachtúlacht chomhshaoil, le hinbhuanaitheacht agus feidhmiúlacht, agus ardchaighdeáin sábháilteachta a leagan síos;

— Riarachán agus gach feidhm airgeadais, bhuiséadach agus chonarthach a bhaineann leis na tionscadail (nósanna imeachta soláthair, oibreacha agus bainistiú creatchonarthaí agus conarthaí díreacha a ullmhú);

— Tionscnaimh a bhaineann le hinrochtaineacht a chur chun feidhme, i gcomhréir le rialacháin ábhartha na Fraince agus *Vademecum* Pharlaimint na hEorpa;

— Staidéir a dhéanamh chun suíomh Strasbourg a ullmhú don chuspóir 'Oiriúnach do 55': ídiú fuinnimh a laghdú trí threalamh nua a shuiteáil, spásanna a choigeartú agus a bharrfheabhsú, insliú a fheabhsú agus astaíochtaí CO_2 a laghdú, go háirithe trí fhuinneamh glas a úsáid;

— Feabhas a chur ar na foirgnimh ag láithreán Bazoches i dtéarmaí éifeachtúlachta comhshaoil, inbhuanaitheachta agus feidhmiúlachta, agus ardchaighdeáin sábháilteachta a leagan síos;

— Tacú leis an éicea-shoghluaisteacht.